Polasaí Tréadchúraim

Bíonn tréadchúram ar fáil do gach dalta chun tacaíocht a thabhairt dóibh barr a gcumais a bhaint amach i dtimpeallacht sábháilte, cháirdiúil agus taitneamhach ina bhfuil meas, cothromaíocht agus ionracas lárnach i ngach ghné de shaol na scoile.

Tá ról lárnach ag an mBord Bainistíochta, ag bainistíocht na scoile, an fhoireann chúraim, an fhoireann tacaíochta foghlama, an fhoireann tréadchúram agus múinteoirí uile na scoile sa Pholasaí Treorach seo, toisc go mbaineann sé leis an scoil ar fad. Cuirtear an-bhéim i gcónaí ar thréadchúram na ndaltaí, dul chun cinn pearsanta, sóisialta, agus intleachtúil na ndaltaí sa scoil.

Tuigimid freisin go bhfuil na daltaí atá faoinár gcúram ag staid leochaileach ina saol agus iad ag fás go fisiciúil agus ag forbairt ó thaobh na féiniúlachta de. Bíonn gá acu le tacaíocht agus comhthuiscint ag an am seo agus féachaimid ar an tréadchúram mar bhunchloch den chóras tacaíochta a chuirimid ar fáil do dhaltaí.

Tuigimid leis an bhfocal tréadchúram go ndéanaímid mar scoil cúram den ghaol atá idir na páirtithe éagsúla sa scoil agus cuirimid polasaithe agus struchtúir i bhfeidhm agus acmhainní ar fáil le tacaíocht a thabhairt don dalta agus é ag teacht in inmhe.
Is iad seo a leanas na struchtúir fhoirmiúil atá i bhfeidhm sa scoil;

An t-Oide Ranga:
Bíonn Oide Ranga ag gach rang. déantar gach iarracht a chinntiú go múineann an t-Oide Ranga an rang seo ionas go mbeidh an deis ag an múinteoir aithne mhaith a chur ar an rang, gaol maith a fhorbairt leis na daltaí agus fadhbanna a thabhairt faoi deara.
Coimeádann an t-Oide Ranga cuntas ar thinreamh agus ar thráthúlacht na ndaltaí agus déantar teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí nuair is gá. Bíonn cumarsáid rialta idir an t-Oide Ranga, an Cheann Bliana agus Bainistíocht na Scoile le cinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi aon deacrachtaí atá ag daltaí faoina gcúram.
Má bhíonn fadhb ag dalta is féidir leo dul chun cainte leis an t-Oide Ranga ar dtús agus cuirfidh an t-Oide Ranga an Cheann Bliana, Bainistíocht na Scoile / an Fhoireann Treorach ar an eolas má bhíonn gá.
Spreagtar daltaí le páirt a ghlacadh in imeachtaí seachchuraclaim chomh maith.

An Ceann Bliana;

Tá Ceann Bliana ar leith ag gach blianghrúpa sa scoil againn. Oibrítear le Oidí Ranga, Bainistíocht na Scoile, an Roinn RSO, an Comhairleoir Scoile, tuismitheoirí agus daltaí. Déantar iarracht aithne phearsanta a chur ar gach dalta faoina gcúram. Déantar breathnóireacht ar thinreamh, dul chun cinn acadúil, iompar agus folláine na bpáistí. Buaileann an Ceann Bliana leis an Comhordaitheoir RSO, an Comhairleoir Scoile agus Bainistíocht na Scoile go seachtainiúil.

An Comhairleoir Scoile;

Bíonn an Comhairleoir Scoile ar fáil dóibh siúd a bhíonn ag lorg comhairleoireacht.

An Fhoireann Treorach:

Buaileann ball den fhoireann treorach le gach rang i mBliain 1 ag tús na bliana chun iad féin a chur in aithne agus le rá leo go bhfuil siad ar fáil le comhairle a chur orthu.

Buaileann ball den fhoireann treorach le gach dalta sa sraith shínsearach le rogha gairme a phlé leo agus buailtear le gach dalta i mbliain a 1 agus i mbliain a 4 lena rogha ábhar a phlé.

Fáiltíonn an fhoireann treorach roimh dhaltaí coinne a dhéanamh ag amanta eile má bhíonn gá acu le cabhair nó comhairle.

Bíonn teagmháil rialta ag an bhFoireann Treorach leis na múinteoirí ,na hOidí Ranga, na Cinn Bliana, Bainistíocht na Scoile, Múinteoirí Tacaíochta Foghlama le heolas a bhailiú, agus cuirtear ar an eolas iad, chomh fada agus is féidir, faoi fhadhbanna atá tagtha chun cinn.

Bíonn comhphlé leanúnach idir an bhfoireann treorach agus na múinteoirí a mhúineann an Folláin le cinntiú go bhfuil an curaclam in oiriúint do riachtanais na ndaltaí.

Bainistíocht na Scoile:

Déanann an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach iarracht aithne phearsanta a chur ar na daltaí sa scoil ionas go mbíonn daltaí ar a gcompórd ag teacht chucu le rudaí a phlé leo. Cinntíonn siad go bhfuil na struchtúir agus acmhainní ar fáil don tréadchúram sa scoil agus go bhfuil an polasaí á chur i bhfeidhm.

Déanann siad teagmháil le tuismitheoirí nó áisíneachtaí seachtracha nuair a bhíonn gá leis.

Bíonn cruinniú seachtainiúil acu leis na Cinn Bliana, an Comhairleoir Scoile, an Comhordaitheoir RSO agus Comhordaitheoir na hIdirbliana le eolas a thabhairt dóibh nó le fadhbanna a phlé leo. Tugtar tacaíocht dóibh ina gcuid oibre maidir le tréadchúram na ndaltaí.

Cuirtear eolas ar fáil don fhoireann ag cruinnithe foirne de réir mar is gá agus go discréideach.

Spreagtar daltaí le páirt a ghlacadh in imeachtaí seachchuraclaim.

Foireann na Scoile:

Cinntítear go bhfuil an fhoireann ar fad ar an eolas faoi aidhmeanna tréadchúraim na scoile agus go dtugann an fhoireann tacaíocht don pholasaí sin.

Déanann na múinteoirí ar fad iarracht atmaisféar dearfach foghlama a chothú ina ranganna agus forbairt iomlán an dalta a chur chun cinn san idirphlé a bhíonn acu leis na daltaí faoina gcúram.

Múinteoirí Folláine:

Déantar iarracht a chinntiú go bhfuil an curaclam aoisoiriúnach agus in oiriúint do riachtanais na ndaltaí sna bliainghrúpaí éagsúla.

Bíonn teangmháil agus cumarsáid rialta acu leis an Oide Ranga, na Cinn Bliana agus Bainistíocht na Scoile le moltaí a dhéanamh maidir le topaicí agus téamaí a bhfuil gá plé leo.

Cúntoirí Riachtanais Speisialta Oideachais;

Tugtar tacaíocht agus aire do dhaltaí le riachtanaisí breise orthu.

Foireann Tacaíochta Foghlama:

Tugtar tacaíocht do dhaltaí le deacrachtaí foghlama agus plean oideachais aonair a ullmhú do na daltaí seo de réir an Polasaí um Riachtanais Speisialta Oideachais.

An Bord Bainistíochta:

Cinntíonn an Bord trí chomhphlé leis an bPríomhoide agus na múinteoirí ar an mBord go bhfuil an Polasaí Tréadchúraim á chur i bhfeidhm agus go bhfuil pobal na scoile ar an eolas faoi.

Déanann an Bord cúram de go ndéantar freastal ar na riachtanais ag daltaí uile na scoile chomh fada agus is féidir ó thaobh foirne agus acmhainní de.

Comhairle na nDaltaí:

Tugann an Chomhairle guth do na daltaí sa scoil agus tugann sé an deis dóibh ceisteanna a bhaineann leo féin a ardú agus a phlé. Is bealach maith cumarsáide an Chomhairle idir bhainistíocht na scoile agus na daltaí. Tugtar deiseanna do dhaltaí iad féin a fhorbairt agus scileanna nua cumarsáide a fhoghlaim trína rannpháirtíocht ar an gComhairle. Cuireann an Chomhairle imeachtaí ar nós Seachtain Fhrithmhaistíneachta ar bun sa scoil atá ar leas na ndaltaí ar fad sa scoil.

Comórtas Idir-Ranga

Tá Comórtas Idir-Ranga ar siúl sa scoil áit a bhronntar pointí ar bhunranganna bunaithe ar sár-iarracht le Gaeilge, bunseomraí ranga a choimeád glan agus néata, agus éadaí scoile a bheith i gceart. Déanfar céiliúradh leis an mbunrang leis an méid is mó pointí in aghaidh na míosa.

Tuismitheoirí:

Creidimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh tuismitheoirí ar an eolas faoi pholasaí agus struchtúir tréadchúraim na scoile. Iarraimid orthu tacaíocht a thabhairt don scoil trí eolas a bhfuil tábhachtach ag baint leis ó thaobh leasa an dalta a thabhairt don scoil.

Glacadh leis an bpolasaí seo ar an 14ú Bealtaine 2019. Déanfar athbhreithniú rialta air.

Rinneadh athbhreithniú air ar an 9ú Bealtaine 2023.

Síniú an Chathaoirligh: _____ **Dáta:** _____

Síniú an Phríomhoide: _____ **Dáta:** _____